

Cultúr Éireann - Próiseas Achomhairc maidir le Maoiniú Rialta

Cé is féidir achomharc a dhéanamh

Is féidir le hiarratasóir achomharc a dhéanamh sa chás go measann an t-iarratasóir nár cloíodh leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar a (h)iarratas. Ní mór don iarratasóir ríomhphost cinnidh a fháil ó fhoireann Chultúr Éireann chun achomharc a dhéanamh.

Conas a dhéantar achomharc

Ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó dháta an ríomhphoist cinnidh. Caitear na cúiseanna le d'achomharc a leagan amach go soiléir i ríomhphost chuig Oifigeach Achomhairc Chultúr Éireann ag info@cultureireland.gov.ie, agus “Achomharc” mar aon le d'uimhir iarratais a lua i líne ábhair an ríomhphost.

Cad ba cheart a chur san áireamh san achomharc

Nuair a dhéantar achomharc maidir le cinneadh a rinneadh maidir le hiarratas ar mhaoiniú rialta, ní mór na nithe seo a leanas a sholáthar:

- sonraí teagmhála iomlána an iarratasóra agus uimhir an iarratais
- na forais ar a gcreideann an t-iarratasóir nár cloíodh leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar a (h)iarratas. Ní mór don iarratasóir cúiseanna nó fianaise faoi leith a chur isteach chun tacú leis an achomharc.

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le tacaíochtaí maoinithe Chultúr Éireann a fháil [ar shuíomh gréasáin Chultúr Éireann](#).

Próiseas athbhreithnithe achomhairc

Gheobhaidh an t-iarratasóir ríomhphost admhála ó Oifigeach Achomhairc Chultúr Éireann nó ó dhuine atá tarmligthe chun ionadaíocht a dhéanamh ar a s(h)on laistigh de 5 lá oibre. Déanfar an t-achomharc a mheas ansin agus eiseofar cinneadh chuig an iarratasóir laistigh de 20 lá oibre tar éis na hadmhála. Beidh an cinneadh seo ina cheangal agus ní bheidh sé faoi réir aon achomharc eile. Sa chás go bhfuiltear ag súil le haon mhoill cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoin amscála sínte.

Culture Ireland- Regular Funding Appeals Process

Who can make an appeal

An appeal may be made by an applicant if the applicant considers that the process for reviewing their application was not adhered to. The applicant must be in receipt of a decision email from the Culture Ireland team in order to make an appeal.

How you can appeal

An appeal must be made within 5 working days of the date on the decision email. It is necessary to clearly set out the grounds for your appeal in an email which should be sent to the Culture Ireland Appeals Officer at info@cultureireland.gov.ie, clearly stating “Appeal” along with your application number in the subject line of the email.

What should be contained in your appeal

When appealing a decision made in relation to an application for regular round funding, the following must be provided:

- full contact details for the applicant and application number
- the grounds on which the applicant believes the process for reviewing their application was not adhered to. The applicant must include specific reasons or evidence to support the appeal.

Further information in relation to Culture Ireland funding supports can be found on [the Culture Ireland website](#).

Appeal review process

The applicant will receive an acknowledgement email from the Culture Ireland Appeals Officer or from a person delegated to represent them in their absence within 5 working days. The appeal will then be considered and a decision will issue to the applicant within 20 working days following the acknowledgement. This decision will be binding and will not be subject to any further appeals. Where any delay is anticipated the applicant will be informed in writing of the extended timescale.